Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2018**
**(OR. en)**

**5413/18**

**CFSP/PESC 45**
**COPS 14**
**CSDP/PSDC 24**
**POLMIL 8**
**CIVCOM 5**
**RELEX 39**
**IPCR 2**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Eanáir 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5266/18 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gCur Chuige Comhtháite i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha<br>Conclúidí ón gComhairle (22 Eanáir 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcur chuige comhtháite i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha, a ghlac an Chomhairle ag an 3591ú cruinniú a bhí aici, ar an 22 Eanáir 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN GCUR CHUIGE COMHTHÁITE I NDÁIL LE COINBHLEACHTAÍ AGUS GÉARCHÉIMEANNA SEACHTRACHA**

**An Cur Chuige Comhtháite**

1. Sa Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, sainaithnítear an Cur Chuige Comhtháite mar chreat faoinar féidir leis an Aontas rannpháirt níos comhleanúnaí agus níos iomláine a bheith aige i dtaca le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha agus cuirtear chun cinn an tslándáil dhaonna, agus dá réir sin, slándáil an Aontais gona shaoránaigh. Tá raidhse fhairsing beartas agus ionstraimí ag an Aontas d'fhreagairt ar na dúshláin sin, bídís ar thairseach an Aontais nó i mbólaí is faide i gcéin, sna réimsí seo: taidhleoireacht, slándáil, cosaint, airgeadas, trádáil, comhar don fhorbairt, agus an chabhair dhaonnúil (il-toiseach). Leis an gCur Chuige Comhtháite, féachtar le sainorduithe, róil, aidhmeanna agus creataí dlíthiúla na ngeallsealbhóirí éagsúla a urramú agus a athdhearbhú. Cuirtear i bhfeidhm é ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus domhanda (il-leibhéalach) de réir mar is gá agus le linn gach céim den choinbhleacht – lena n-áirítear coinbhleachtaí agus géarchéimeanna strambánacha – (ilchéimeach) ar mhaithe le cosc na coinbhleachta, freagairt do ghéarchéimeanna, cobhsú agus síocháin fhadtéarmach a chothú d'fhonn rannchuidiú le síocháin inbhuanaithe a bhaint amach. Is cur chuige é faoina dtugtar le chéile na Ballstáit, institiúidí ábhartha de chuid an Aontais, comhpháirtithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile, maille le heagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta (il-taobhach).

2. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna a cuireadh i bhfeidhm, ó glacadh an Straitéis Dhomhanda, chun an Cur Chuige Comhtháite a chur chun feidhme agus chun gnímh, lena n-áirítear bunú an bhuanstruchtúir laistigh den tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus an obair a rinne an Coimisiún agus toscaireachtaí de chuid an Aontais chun cur chun feidhme an Chur Chuige Chomhtháite a chur chun cinn agus is mian leis an gComhairle go ndéanfaí tuilleadh den dul chun cinn nithiúil tábhachtach sin.

3. Is díol béime ag an gComhairle úinéireacht áitiúil, cuimsitheacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí sin a dtacófar leo, sa chaoi a ndéantar comhar agus caidreamh leis na húdaráis náisiúnta agus áitiúla, leis na pobail agus leis an tsochaí shibhialta. Leanfaidh an tAontas dá dua le spreacadh nua a chur san iltaobhachas éifeachtúil i gcomhréir le gealltanas an Aontais i leith an rialachais dhomhanda; beidh sin bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, beidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus tabharfar lánurraim do na prionsabail atá i gCairt na Náisiún Aontaithe. Neartófar a thuilleadh comhar an Aontais leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile, lena n-áirítear na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, agus eagraíochtaí neamhrialtais. Is mian leis an gComhairle ról na mban a chur i dtreis, i gcomhréir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (maidir le Mná, an tSíocháin, an tSlándáil, agus an Óige i gcosc na coinbhleachta agus i gcothú na síochána), agus le gach rún ábhartha eile dár lean.

4. Is díol béime ag an gComhairle a riachtanaí atá sé gur go híogair a fheidhmeodh an tAontas nuair is leochaileach don chás. Cuireann an Chomhairle i bhfáth a thábhachtaí atá an smacht reachta, agus go dtabharfaí urraim do chearta an duine, do na saoirsí bunúsacha, agus do phrionsabal na Freagrachta i ndáil le Cosaint. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé go gcloífí leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus athdheimhníonn sí ról an Aontais i dtaca le seasamh stóinseach a ghlacadh ar mhaithe le hurramú an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus le cosaint sibhialtach i ngach áit ina mbíonn sé ina choinbhleacht.

5. Tá sineirgí tréana ann idir an Cur Chuige Comhtháite agus próisis leantacha eile de chuid na Straitéise Domhanda, go háirithe leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Athléimneacht ón 7 Meitheamh 2017 agus conclúidí gaolmhara de chuid na Comhairle ón 13 Samhain 2017 agus leis an obair atá ar siúl i dtaca le slándáil agus cosaint. I dtaca le raon an Chur Chuige Chomhtháite a leathnú ionas go gcuimsítear ann coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, tá ról tábhachtach le himirt sa mhéid sin ag uasmhéadú na tualainge atá ag an gcomhbheartas slándála agus cosanta i misin agus in oibríochtaí sibhialtacha agus míleata an chomhbheartais (CBSC) agus sin á chomhordú le gníomhaithe ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear gníomhaireachtaí CGB, de réir mar is iomchuí. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil lorg an Chur Chuige Chomhtháite le feiceáil san úsáid a bhaintear sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt as an gcomhar forbraíochta, mar chuid den réimse iomlán beartas agus ionstraimí lena ndéantar coinbhleachtaí agus géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú agus lena gcuidítear lena réiteach, lena seachnaítear géarchéimeanna daonnúla, agus lena mbaintear amach an tsíocháin mharthanach agus an dea-rialachas, faoi shainorduithe atá bunaithe.

6. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha atá ar siúl chun an nasc idir earnáil na daonnúlachta agus na forbartha a chur chun gnímh, mar aon leis an nasc atá idir earnáil na slándála agus na forbartha ar dhroim talún. I dtaca leis an méid sin, athdhearbhaíonn sí na naisc atá idir an fhorbairt inbhuanaithe, an ghníomhaíocht dhaonnúil, cosc na coinbhleachta, agus cothú na síochána. Tá an Chomhairle ag súil leis an tuairisciú a dhéanfar i ndáil le tíortha píolótacha nasc na daonnúlachta agus na forbartha in 2018. Tá an Cur Chuige Comhtháite ina rannchuidiú freisin maidir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe Sprioc 16 maidir le sochaithe síochánta, córa agus cuimsitheacha a bhaint amach. Ina theannta sin, leagtar béim sa Straitéis Dhomhanda ar sháruithe ar chearta an duine, ar an athrú aeráide agus ar an díghrádú comhshaoil mar chroífhachtóirí is siocair le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna.

7. Meabhraítear don Chomhairle gurb iad prionsabail na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta, agus an neamhspleáchais is bonn le cabhair dhaonnúil an Aontais. Cuirtear an chabhair sin ar fáil de réir an ghá a bhíonn léi ag an bpobal atá i ngátar, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, gan beann ar chuspóirí polaitiúla, straitéiseacha, míleata, eacnamaíocha agus eile. Bíodh is gur cuid lárnach d'fhreagairt fhoriomlán an Aontais ar ghéarchéimeanna an chabhair dhaonnúil sin, ní ionstraim bainistithe géarchéime í *per se*; ní ceart, dá bhrí sin, í a úsáid chun aon chuspóir eile, seachas cuspóir daonnúil, a bhaint amach. Fágann sin cé gur cuid den Chur Chuige Comhtháite í cabhair dhaonnúil an Aontais nach féidir í a chur chun fónaimh chun críocha eile ('In-But-Out').

8. Is díol béime ag an gComhairle an méid seo: gur breis agus gur leathnú ar raon agus ar uaillmhian an Chur Chuige Chuimsithigh é an Cur Chuige Comhtháite i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha. Is doimhniú é an Cur Chuige Comhtháite freisin ar an gcreat beartais a bunaíodh sa Chur Chuige Cuimsitheach, lena n-áirítear an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón 11 Nollaig 2013 agus na Conclúidí ón gComhairle ón 12 Bealtaine 2014. I ngeall ar an ngá atá le hiarracht chomhtháite ag gach céim d'fhreagairt an Aontais – ó chéim na pleanála go céim an chur chun feidhme go céim na céille ceannaithe – a cuireadh ann an Cur Chuige Comhtháite; tháinig sé i gcomharbas ar Phlean Gníomhaíochta Chur Chuige Cuimsitheach an Aontais 2016-2017 tráth a ndeachaigh sin in éag. Is fada leis an gComhairle go bhfaighe sí an tuarascáil deiridh maidir le Plean Gníomhaíochta Chur Chuige Cuimsitheach an Aontais 2016-2017, maille leis an measúnú agus an chuid sin di ina leagtar amach an chiall cheannaithe.

**Téamaí**

*Tras-earnálach*

9. Is mian leis an gComhairle an tArdionadaí agus an Coimisiún a áirithiú go ndéantar anailísí coinbhleachta comhpháirteacha go córasach agus go ndéantar iad a thabhairt cothrom le dáta i gcás na dtíortha sin atá i mbaol coinbhleachta nó éagobhsaíochta, nó atá aghaidh ar aghaidh leo sin, agus ar tíortha iad a bhfuil comhar agus caidreamh nach beag ag an Aontas iontu. Is ceart go n-áireofaí sna hanailísí sin gach gníomhaí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaithe reiligiúnda agus cultúrtha, d'fhonn úinéireacht leathan a thabhairt don anailís. Beidh siad ina rannchuidiú ag na measúnuithe aonair tíre a mholtar sna Conclúidí ón gComhairle maidir le hAthléimneacht. Beidh na hanailísí coinbhleachta comhpháirteacha sin ina bhfoinse eolais ag próisis rannpháirtíochta straitéisí eile de chuid an Aontais, amhail clársceidealú réigiúnach agus náisiúnta agus Clársceidealú Comhpháirteach.

10. Is mian leis an gComhairle aird a tharraingt ar thualaing uathúil an Aontais Eorpaigh i dtaca le rannpháirtíocht san idirghabháil coinbhleachta ar fud na cruinne, agus leas a bhaint as gréasáin agus tionscnaimh idirghabhála na mBallstát, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil. Leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé cur a thuilleadh le hacmhainní idirghabhála SEGS chun cuidiú le coinbhleachtaí áitiúla agus náisiúnta a chosc agus a réiteach agus leanúint dá saothar i dtaca le bheith in ann saineolas idirghabhála a sheoladh go sciobtha chuig toscaireachtaí de chuid an Aontais agus mar thaca ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile pé uair is iomchuí sin, agus béim leordhóthanach a leagan ar úsáid na hacmhainne seolta sin i dtaca le luathghníomh. Molann sí freisin don Aontas tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe áitiúla a shaothraíonn ar son na síochána, lena n-áirítear idirghabhálaithe inmheánacha, agus leanúint den chomhar idirghabhála a dhoimhniú leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile.

11. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi dar dáta 14 Samhain 2016 agus cuireann sí i bhfáth a riachtanaí atá sé go leanfaí de chur chun feidhme na Teachtaireachta Comhpháirtí maidir le creat straitéiseach uile-Aontais a fhorbairt chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála.

*Cosc na coinbhleachta*

12. Is mian leis an gComhairle an tArdionadaí agus an Coimisiún cur leis an iomrá polaitiúil a bhaineann le cosc na coinbhleachta agus na géarchéime seachtraí lena n-áirítear sin a dhéanamh trí bhíthin plé tiomanta de chuid na n-airí (nuair is iomchuí sin) ar bhonn cásanna nithiúla d'fhonn cultúr a chur ar bun ina spreagtar luathghníomh ar mhaithe le dul i ngleic go héifeachtúil le baol coinbhleachta bídís ar tí a nginte nó ag dul chun ainsil. Is díol sásaimh di tús áite a bheith á thabhairt ag na Náisiúin Aontaithe do chosc na coinbhleachta. Cuireann an Chomhairle i bhfáth a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí aghaidh ar chosc ainghníomhartha mar chuid de chosc coinbhleachtaí agus géarchéimeanna. Is fada léi torthaí an mheasúnaithe reatha ar rannpháirtíocht an Aontais i gcosc na coinbhleachta agus i gcothú na síochána don tréimhse 2013-2017 – mar bhonn ar a ndéanfar ról an Aontais sna réimsí sin a threisiú a thuilleadh.

13. Is díol sásaimh di na modhnuithe a rinneadh ar Chóras Luathrabhaidh an Aontais chun go mbeadh sé níos cuimsithí a bhuí le rannpháirtíocht níos struchtúrtha ó na Ballstáit, lena n-áirítear sa Choiste Polaitiúil agus Slándála, agus is fada léi go mbunófar córas scanta ionchais, a mbeidh sé d'aidhm aige brúnna seachtracha gona n-iarmhairtí a shainaithint go gearrthéarmach, mar bhonn eolais ag freagairt pholaitiúil threisithe thráthúil ón Aontas. Déanfaidh an tAontas bearta luathghníomhaíochta, arna sainaithint leis an bpróiseas luathrabhaidh, a chur chun feidhme agus a fhaireachán agus pléifidh sé i gcomhlachtaí ábhartha na Comhairle iad.

14. Meabhraítear don Chomhairle a riachtanaí atá sé comhtháthú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar chur chuige na hathléimneachta i gclársceidealú an Aontais d'fhonn rannchuidiú le cosc coinbhleachta agus géarchéime, agus d'fhonn dul i ngleic leis an méid is bunchúis le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá maoiniú solúbtha sciobtha chun coinbhleachtaí agus géarchéimeanna a chosc, an tsíocháin a chothú, agus freagairt do ghéarchéim. I dtaca leis an méid sin, meabhraítear di an ról lárnach atá ag an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin.

Meabhraítear don Chomhairle a riachtanaí atá sé go sásófaí gach riachtanas maidir le tacú a thuilleadh le tíortha comhpháirtíochta agus iad ag iarraidh géarchéim a chosc agus a bhainistiú ar a gconlán féin, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí de chuid CBSC, agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar SEGS tionscnaimh nua a shainaithint agus a fhorbairt gan mhoill. Athdheimhníonn sí an raon solúbtha geografach atá ag fothú acmhainní chun tacú leis an tslándáil agus an fhorbairt agus meabhraítear di an athuair an moladh a rinne sí féin go rachfaí i mbun oibre ar ionstraim dhílis lena bhféadfaí fothú acmhainní a sholáthar agus aird á tabhairt ar an obair ullmhúcháin riachtanach.

*Freagairt an Aontais do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna*

15. Is mór ag an gComhairle gur bhunaigh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí an Sásra um Fhreagairt do Ghéarchéim arb é is aidhm dó an fhreagairt a bhíonn ag SEGS, ag seirbhísí an Choimisiúin agus ag toscaireachtaí do ghéarchéimeanna agus éigeandálaí seachtracha a chuíchóiriú. Iarrann sí ar SEGS a fhiosrú a thuilleadh sineirgí feabhsaithe idir an sásra nua agus na córais freagartha éigeandála in institiúidí éagsúla an Aontais, go háirithe Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin agus na socruithe i leith Fhreagairt Chomhtháite do Ghéarchéim Pholaitiúil sa Chomhairle. Is mór aici an comhordú feabhsaithe atá ar siúl ag na Ballstáit ar an bhfreagairt chonsalach do ghéarchéimeanna i dtríú tíortha, agus is díol sásaimh di cur chun feidhme 'Chreat Comhpháirteach Consalach an Aontais Eorpaigh don Ullmhacht i gcomhair Géarchéimeanna'.

16. Tugann an Chomhairle dá haird gur mó an éifeacht agus an iarmhairt a bhíonn ag misin agus oibríochtaí CBSC, idir shibhialtach agus mhíleata, nuair a dhéantar iad a chomhordú le rannpháirtíocht eile an Aontais, lena n-áirítear an toise fhorbraíochta, chobhsúcháin, dhaonnachtúil agus pholaitiúil. Is díol sásaimh di go ndéantar pleanáil straitéiseach na misean agus na n-oibríochtaí sin a chomhordú go luath leis na gníomhairí ábhartha chun sioncrónú le agus aistriú chuig rannpháirtíocht eile de chuid an Aontais a éascú agus leanúnachas a áirithiú i dtaca le gníomhaíocht agus tionchar an Aontais sa tír nó sa réigiún atá i gceist. Cuirtear le héifeachtúlacht na n-iarrachtaí sin de chuid an Aontais ach cur chuige níos comhtháite a bheith ann, rud a réitíonn an ród don tsíocháin agus don fhorbairt fhadtéarmach inbhuanaithe. Ina theannta sin, is díol béime ag an gComhairle a thábhachtaí atá an comhordú éifeachtúil sibhialtach/míleata i gcúrsaí daonnachtúla, mar is iomchuí, d'fhonn an t-idirphlé a éascú agus an idirghníomhaíocht idir gníomhaithe sibhialtach agus míleata a fheabhsú.

17. Ós amhlaidh atá, is fada leis an gComhairle neartú an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta shibhialtaigh i gcomhréir leis na conclúidí uaithi maidir le slándáil agus cosaint ón 13 Samhain 2017. Is ceart sainiú a dhéanamh ar an mbreisluach a bhaineann le gné shibhialtach an Chomhbheartais laistigh de Chur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha ó thús deireadh thimthriall na coinbhleachta, agus is ceart na riachtanais maidir le hacmhainní sibhialtacha a shásamh sa Chomhshocrú CBSC in 2018.

*Cobhsú*

18. Tugann an Chomhairle dá haird na chéad chéimeanna atáthar tar éis a ghlacadh chun gníomhaíochtaí cobhsúcháin a chur chun feidhme, lena n-áirítear úsáid a bhaint as Airteagal 28 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar nós ghníomhaíocht chobhsúcháin an Aontais i Mailí Láir. Ó tharla gur féidir leis an Aontas gona Bhallstáit raidhse mhór acmhainní, uirlisí agus ionstraimí a shlógadh, ar féidir iad a chur chun feidhme ar mhaithe le gníomhú comhtháite cobhsúcháin, ní mór go mbeadh an phleanáil a dhéantar comhleanúnach agus comhordaithe i ngach cuid den phleanáil chobhsúcháin, sa cheanncheathrú agus ar dhroim talún. Is fada leis an gComhairle go bhfeice sí tuilleadh forbartha ar choincheap de chuid an Aontais féin i dtaca le Cobhsú, lena n-áirítear sainmhíniú sásúil, mar chuid de Chur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha.

19. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi maidir le tacaíocht an Aontais don cheartas idirthréimhseach, mar chuid den Chur Chuige Comhtháite, agus cuireann sí i dtreis gur gá dlús a chur le dua an Aontais maidir le tacaíocht a thabhairt do phróisis idirthréimhseacha ceartais agus iad a chur chun cinn, agus maidir le comhar agus caidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta an Aontais.

Athdhearbhaíonn sí an tábhacht atá leis an gcomhrac i gcoinne na saoirse ó phionóis i gcás ainghníomhartha agus le tacaíocht thréan an Aontais ar son na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

*An comhar agus an comhordú laistigh den Aontas Eorpach*

20. Leanfaidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais dá ndlúthchomhar sa Bhruiséil agus ar dhroim talún ar mhaithe le forbairt choincheapúil agus cur chun feidhme an chur Chuige Chomhtháite feasta. Cuirfear struchtúr ar rannpháirteachas na mBallstát trí idirghníomhaíochtaí rialta ar leibhéal na saineolaithe sna comhlachtaí sin de chuid na Comhairle lena mbaineann agus sa Choiste Polaitiúil agus Slándála. Is fada leis an gComhairle go bhfaighe sí, mar chuid den tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme na Straitéise Domhanda, an tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Chur Chuige Comhtháite i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha.